

An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil – Eochairfhaisnéis

An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil agus um an Oireachtas (Liúntais do Chomhaltaí) (Leasú) 2023

Ritheadh *An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil agus um an Oireachtas (Liúntais do Chomhaltaí) (Leasú) 2023* le bheith ina dhlí ar 22 Meitheamh 2023.

Is í aidhm na leasuithe ar an Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015 ná comhlíontacht agus forfheidhmiú a neartú, go háirithe an fhoráil a bhaineann le ‘*tréimhse shuaimhnithe*’, agus trí chlásal ‘in aghaidh seachanta’ a chur isteach. Tá sé mar aidhm ag an Acht tuilleadh trédhearcachta a thabhairt do ghníomhaíochtaí brústocaireachta agus bealaí éalaithe nach rabhtas ag súil leo a dhúnadh. Cuireann sé le forálacha an Achta maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta a bhíonn ar siúl ag comhlachtaí ionadaíochta áirithe agus comhlachtaí a dhéileálann le saincheisteanna faoi leith. Leis an Acht Leasaithe cruthaítear córas smachtbhannaí airgeadais riaracháin ar féidir iad a chur i bhfeidhm i gcás sáraithe ábhartha, lena n-áirítear sárú a dhéanamh ar an bhforáil a bhaineann leis an tréimhse shuaimhnithe. Anuas air sin, méadaíonn an tAcht Leasaithe an méid ama, go dtí cúig bliana, a rachaidh thart idir sula ndéanfar athbhreithniú reachtúil.

- Cuirfear tús le formhór na bhforálacha leis an *Acht um Brústocaireacht a Rialáil agus um an Oireachtas (Liúntais do Chomhaltaí) (Leasú) 2023* ar 1 Eanáir 2024.
- Cuirfear tús le roinnt d’fhorálacha an Achta *um Brústocaireacht a Rialáil agus um an Oireachtas (Liúntais do Chomhaltaí) (Leasú) 2023* ar 1 Meitheamh 2024.

Is iad seo príomhfhórlacha an Achta um Brústocaireacht agus um an Oireachtas (Liúntais do Chomhaltaí) (Leasú) 2023

- Faoi Alt 5 (1) (c) leathnaítear raon an Achta chun aon duine a áiriú ‘*a dhéanann, a bhainistíonn nó a stiúran cumarsáidí ábhartha maidir le talamh a fhorbairt nó a chríosú*’. **(Cuirfear tús leis seo ar 1 Eanáir 2024)**
- Caithfidh go mbeidh fostaí amháin ar a laghad ag eagraíocht ionadaíoch nó eagraíocht a dhéileálann le saincheisteanna faoi leith chun go dtiocfaidh siad faoi raon an Achta. Cuireann an Bille Leasaithe leis an raon seo agus áirítear eagraíocht ionadaíoch nó eagraíocht a dhéileálann le saincheisteanna faoi leith, nach bhfuil fostaí amháin acu ar a laghad, más amhlaidh go bhfuil os cionn 10 fostaí lánaimseartha ag comhalta amháin, ar a laghad, den eagraíocht. (Leasaítear leis seo ailt 5(2) agus 5(3) den Acht). **(Cuirfear tús leis seo ar 1 Eanáir 2024)**
- Cuireadh díolúine nua isteach faoi Alt 5(5)(p) lena n-áireofar cumarsáidí a dhéanann páirtí polaitiúil lena chomhaltaí, ar oifigigh phoiblí ainmnithe iad, agus a dhéantar mar chomhaltaí den pháirtí polaitiúil sin agus ar an mbonn sin amháin. **(Cuirfear tús leis seo ar 1 Eanáir 2024)**
- Faoi Alt 8 den Acht, má mharcáiltear ar iontráil duine atá cláraithe ar an gclár go bhfuil deireadh tagtha leis an iontráil sin, tá toirmeasc ar an duine sin leanúint le gníomhaíochtaí brústocaireachta. **(Cuirfear tús leis seo ar 1 Eanáir 2024)**
- Faoi Alt 11, ní mór an seoladh ag a dtéann duine i mbun gnó nó i mbun a phríomhghníomhaíochtaí, nó an seoladh ag a mbíonn gnáthchónaí ar an duine, a chur san áireamh sna sonraí a chuireann an cláraí ar fáil. **(Cuirfear tús leis seo ar 1 Eanáir 2024)**

- Faoi Alt 22 (d) foráiltear go gcaithfidh gach comhlacht seirbhíse poiblí a chur in iúl d'oifigigh phoiblí ainmnithe go bhfuil oibleagáidí acu faoi Alt 22. Lena chois sin, ní mór don chomhlacht seirbhíse poiblí dul i dteagmháil leis an gCoimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí agus a chur in iúl dó nuair a fhágann oifigeach poiblí ainmnithe ábhartha a f(h)ostaíocht. **(Cuirfear tús leis seo ar 1 Eanáir 2024)**
- Cuireadh sárú nua isteach faoi Alt 18. Faoi 18(f) is sárú é má dhéanann duine rud a bhfuil mar aidhm aige oibleagáidí an duine faoin Acht a sheachaint nó dul timpeall orthu. **(Cuirfear tús leis seo ar 1 Meitheamh 2024)**
- D'fhéadfaí mórsmachtbhannaí nó mionsmachtbhannaí a fhorchuir i gcás sáráithe ábhartha faoi At 18(f) (Oibleagáidí an duine faoin Acht a sheachaint nó dul timpeall orthu) nó faoi Alt 2291) (Gan tarscaoileadh a lorg maidir leis an tréimhse shuaimhnithe). I gceist le Mionsmachtbhanna beidh comhairle, iomardú nó rabhadh. I gceist le Mórsmachtbhanna gearrfar pionós airgeadais nach sáróidh €25,000, beidh toirmeasc ar an duine clárú ar an gClár ar feadh dhá bhliain ar a mhéad, agus toirmeasc ar an duine tuairisceán a dhéanamh, nó go ndéanfaí tuairisceán dó ní di, ar feadh dhá bhliain ar a mhéad. **Beidh feidhm ag na smachtbhannaí seo ó 1 Meitheamh 2024.**